# Nuachtlitir Mhúscraí

Eanáir - Márta 2018

## Fáilte / Welcome

Fáilte go dtí an chéad eagrán de Nuachtlitir Mhúscraí ó Chomharchumann Forbartha Mhúscraí. Tá sé ar intinn ag an gComharchumann an nuachtlitir dhátheangach seo a chur le chéile gach ráithe (Márta, Meitheamh, Meán Fómhair agus Nollaig) chun pobal Mhúscraí a choimeád ar an eolas faoi thograí atá idir lámha ag an gComharchumann. Mar thús foilseofar Nuachtlitir Mhúscraí ar bhonn leictreonach ach déanfar machnamh amach anseo ar leagan clóite a fhoilsiú chomh maith.

Amach anseo, beidh deis ag coistí, cumainn, grúpaí pobail agus scoileanna an cheantair a gcuid fógraí a fhoilsiú sa nuachtlitir chomh maith ach dul i dteagmháil leis an gComharchumann leis na sonraí.

*Welcome to the first edition of the Nuachtlitir Mhúscraí newsletter from Comharchumann Forbartha Mhúscraí. The Comharchumann intends to create this bilingual newsletter each quarter (March, June, September and December) to keep the Múscraí community informed about the various projects the Comharchumann has in hand. To start with Nuachtlitir Mhúscraí will be published electronically only but in time we may consider also publishing a print version.*

*In time, local committees, clubs, community groups and schools will also have an opportunity to publish items in the newsletter by contacting the Comharchumann with the relevant details.*

## Campaí Cócaireachta / Cookery Camps

Mar chuid d'imeachtaí Bliain na Gaeilge 2018 agus le tacaíocht mhaoinithe ó Chiste 125 de chuid Conradh na Gaeilge eagraíodh dhá champa cócaireachta aon lae do dhaltaí bunscoile le linn briseadh meán-téarma mhí Feabhra. D'éirigh thar barr leis an dá champa agus bhain na daltaí a bhí i láthair an-taitneamh astu.

Ba mhaith leis an gComharchumann buíochas ó chroí a ghabháil le Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh as cead a thabhairt dúinn áiseanna na cistine a úsáid agus leis an gcomhlacht áitiúil Folláin as tacaíocht thar cuimse a thabhairt don togra. Tá buíochas mór tuilte chomh maith ag ár dteagascóirí Eibhlín, Joanne & Mary-Ann.

*As part of the yearlong Irish language initiative Bliain na Gaeilge 2018 and with funding support from Conradh na Gaeilge's Ciste 125 fund we organised two one-day Irish language cookery camps for primary school students during the February mid-term break. Both camps were a huge success and were thoroughly enjoyed by all who attended them.*

*The Comharchumann would like to sincerely thank Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh for allowing us to use their kitchen facilities and the local company Folláin for supporting the project. Our camp tutors Eibhlín, Joanne & Mary-Ann also deserve huge praise for all their work.*



## Ranganna Gaeilge / Irish Classes

Thosnaigh sraith ghairid ranganna Gaeilge san Ionad Áise i Réidh na nDoirí i mí Márta. Tá sé ar intinn sraith eile ranganna (meán-leibhéal) a eagrú tar éis na Cásca agus iarrtar ar dhaoine go mbeadh spéis acu ina leithéid dul i dteagmháil leis an gComharchumann chun tuilleadh eolais a fháil.

*A short series of Irish classes started in the Ionad Áise, Ré na nDoirí in March. We hope to organise another series of classes after Easter and those interested in attending the classes should contact the Comharchumann for further info.*

**Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta**
5 Cois Cille, Cill na Martra, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí
026 40877 / 083 191 5432
eolas@cfmteo.com / www.cfmteo.com

# Nuachtlitir Mhúscraí

Eanáir - Márta 2018

## Rith 2018

Mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge tháinig oll-rith sealaíochta náisiúnta na Gaeilge -Rith 2018 go Múscraí, ag gabháil tríd Baile Mhúirne ar an Aoine, 16ú Márta. Cuireadh tús le babhta Mhúscraí den ollrith sealaíochta náisiúnta ar bhóthar an N22 in aice le siopa Fabraic Fíor Álainn (ag crosaire Chluain Droichead), ag dul nach mór 3 chiliméadar siar go carrchlós An Muileann.

Bhí deis ag daoine/grúpaí roimh ré urraíocht a dhéanamh ar gach ciliméadar den rith – dhein an Comharchumann urraíocht ar an gcéad chiliméadar (ó Fabraic Fíor Álainn go Dairygold Co-op), dhein FPE Sinn Féin Liadh Ní Riada urraíocht ar an dara ciliméadar (ó Dairygold Co-op go Óstán Ghobnatan) agus dhein Scoil Náisiúnta Réidh na nDoirí urraíocht ar an tríú ciliméadar (ó Óstán Ghobnatan go dtí an Muileann). In ainneoin gur deiredh seachtaine saoire bainc a bhí ann, bhí slua deas i láthair an tráthnóna úd chun páirt a ghlacadh i Rith 2018 ar son na Gaeilge agus ar son Mhúscraí.




*As part of this year's Seachtain na Gaeilge events the national Irish language relay race - Rith 2018 came to Múscraí, passing through Baile Mhúirne on Friday, 16th March. The Múscraí leg of the national relay race started on the N22 in front of the Fabulous Fabric Company shop (at the Clondrohid Cross), travelling 3km to the car park of The Mills Inn.*

*Individuals/groups had the opportunity in the lead up to the race to sponsor each one of the race's kms – the Comharchumann sponsored the first km (from The Fabulous Fabric Company to Dairygold Co-op), the Sinn Féin MEP Liadh Ní Riada sponsored the second km (from Dairygold Co-op to The Abbey Hotel) and Scoil Réidh na nDoirí sponsored the third km (from The Abbey hotel to The Mills Inn).*

## Féile Foghlama Fadsaoil 2018 / 2018 Lifelong Learning Festival

Reáchtáladh imeachtaí na Féile Foghlama Fadsaoil ar bhonn náisiúnta idir an 19ú-24ú Márta. Tá sé mar aidhm leis an bhFéile Foghlama Fadsaoil gach cineál foghlama a spreagadh agus a cheiliúradh, agus deis a thabhairt do dhaoine de gach aoisghrúpa blaiseadh a fháil de na rudaí éagsúla gur féidir leo tabhairt fúthu, beag beann ar aois.

Arís i mbliana, i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, bhí an Comharchumann gníomhach i réimse leathan imeachtaí a reachtáil i gceantar Mhúscraí. I measc na n-imeachtaí a reáchtáladh go háitiúil mar chuid den Fhéile bhí ceardlann rince ar an sean nós le Shane Creed; ceardlann fhilíochta agus léamh filíochta leis an bhfile Ciarraíoch, Gabriel Fitzmaurice; caint eolasach ar itheachán sláintiúil agus scíth le Brenda Rathcliffe; agus taispeántas grianghrafadóireachta san Ionad Cultúrtha.

*This year's Lifelong Learning Festival was held nationally from the 19th-24th March. The Festival aims to encourage and celebrate all types of learning, and provide an opportunity to all age-groups to get a taste of the various activities they can take part in, regardless of their age.*

*Once again this year, in conjunction with the Cork Education & Training Board, the Comharchumann organised a variety of events in the Múscraí area as part of the Festival, including a sean-nós dancing workshop with Shane Creed; an Irish language poetry workshop and a poetry reading with Kerry poet, Gabriel Fitzmaurice; an informative talk on healthy eating, mindfulness and relaxation with Brenda Rathcliffe; and a photography exhibition in Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh.*



**Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta**
5 Cois Cille, Cill na Martra, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí
026 40877 / 083 191 5432
eolas@cfmteo.com / www.cfmteo.com